SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1998

31904

# GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I
(170 marc)

DÉ hAOINE, 12 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 4.00

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)
Ceist 1 *agus* Ceist 2 a fhreagairt.

## CEIST 1 – CEAPADÓIREACHT – [100 marc]

Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos.
**[N.B. Ní gá dul thar 500–600 focal nó mar sin i gcás ar bith.]**

### A – AISTE – (100 marc)

**Aiste** a scríobh ar **cheann amháin** de na hábhair seo.

*(a)* Drugaí - sciúirse ár linne.
*(b)* Tábhacht na meán cumarsáide.
*(c)* An imirce - is fadhb fós í.

### B – SCÉAL – (100 marc)

**Scéal** a cheapadh a mbeadh do rogha **ceann amháin** díobh seo oiriúnach mar theideal air.

*(a)* Ní neart go cur le chéile.
*(b)* Mí-ádh!

### C – ALT NUACHTÁIN/IRISE – (100 marc)

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo.

*(a)* Chuir tú agallamh ar iarscoláire de chuid do scoile féin a chaith tamall ag obair i gceann de thíortha an tríú domhan. Scríobh **alt** d'iris na scoile a bheidh bunaithe ar an agallamh sin.

*(b)* Bhí fógra sa nuachtán *Foinse* ag lorg alt ó dhaltaí Ardteistiméireachta ar an ábhar *"Scannán a chuaigh i bhfeidhm orm"*. Scríobh an t-**alt** a chuirfeá féin chuig an eagarthóir ar an ábhar sin.

### D – DÍOSPÓIREACHT/ÓRÁID – (100 marc)

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo.

*(a)* Scríobh an **chaint** a dhéanfá, i ndíospóireacht scoile, ar son **nó** in aghaidh an rúin seo a leanas: *"Níl an tsíocháin i ndán don tír seo"*.

*(b)* Iarradh ort píosa cainte a thabhairt do dhaltaí na chéad bhliana i do scoil féin ar thábhacht na Gaeilge d'aos óg na tíre. Scríobh an **píosa cainte** a thabharfá ar an ócáid sin.

## CEIST 2 – LÉAMHTHUISCINT – [70 marc]

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

### A – (35 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. [*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, oiread agus is féidir leat*].

# BÁS BANPHRIONSA



I nGleann Cholm Cille a bhí mé maidin Dé Domhnaigh seo caite ag fáil faoi réir le dul ag spaisteoireacht nuair a chuir duine den chomhluadar an teilifís ar siúl chun an nuacht a fheiceáil. Ba é aghaidh fháilí **Diana**, banphrionsa na **Breataine Bige**, agus na dátaí cinniúnacha "1961-1997" lena taobh, an chéad rud a chonaiceamar. Fiú gan tada a chloisteáil ón gcraoltóir, ba léir go raibh an bhean ba cháiliúla ar domhan marbh. An chéad rud a rith liom féin go raibh sí tar éis lámh a chur ina bás féin, mar dúradh go ndearna sí iarracht air sin cheana. I ndiaidh na poiblíochta uile faoina cairdeas le **Dodi al-Fayed** ní raibh sí in ann glacadh lena thuilleadh, shíl mé. Ní mar sin a bhí. Cailleadh í féin agus **Dodi** i dtimpiste ghluaisteáin i bPáras.

Is cuimhin liom fós an lá iomráiteach sin i 1981 nuair a phós sí **Charles Windsor**, an t-oidhre ar choróin Shasana. Ar aghaidh na teilifíse a chaith mé féin agus mo mháthair an lá uile ag breathnú ar na himeachtaí. Cé go raibh mé chomh tógtha leis an taispeántas galánta is a bhí gach uile dhuine eile, fós féin shíl mé go raibh rud éigin amaideach ag baint leis. Bhí ógbhean dhathúil chúthail ag cur a saoil ar ceal, ag cur gach rud a bhí príobháideach faoi go dtí sin os comhair an tsaoil mhóir. Uaidh sin amach ní bheadh nóiméad aici nach mbeadh lucht ceamara nó iriseoirí á leanúint agus á crá. Ní bheadh sí féin ná **Charles**, mar lánúin phósta, ábalta a bhfadhbanna pearsanta a oibriú amach eatarthu beirt gan tuairisc údarásach nó taighde síceolaíoch ó shaineolaí éigin a bheith sna meáin fúthu.

Cinnte, bhí stádas ag gabháil leis an saol sin. Bhí tarraingt as cuimse ag baint le gradam an teaghlaigh ríoga i gcás gach uile chailín a tógadh i Sasana faoin am sin. Ba í uaillmhian mhóruaisle na Breataine sméar mhullaigh an teaghlaigh ríoga, **Charles**, a fháil do dhuine dá n-iníonacha. Dhíol **Diana** shoilbhir a saoirse an lá úd ar phós sí a Prionsa, ach cén fáth nár cuireadh é sin in iúl di roimh ré? Bhí seantaithí ag a muintir ar an monarcacht. Caithfidh go raibh eolas acu faoin am sin ar an sórt saoil a bheadh i ndán di. Is dócha go raibh a fhios ag formhór na ndaoine sa chiorcal ríoga ag an am sin faoin gcairdeas an-láidir idir **Charles** agus bean eile, **Camilla Parker Bowles**, a bhí pósta le cara leis.

De réir daoine áirithe, rinne **Diana** an "rud ceart" mar gur thug an banphrionsa soineanta beirt mhac mar oidhrí ar an saol dá fear céile agus gur ghlac sí le cúinsí a saoil mar a bhí. Deirtear, áfach, gur i ndiaidh an dara breith a thosaigh na fadhbanna ba mhó idir í féin agus a fear céile, fadhbanna sláinte san áireamh. Ach ainneoin a drochshaoil phearsanta, ba dhuine carthanach í **Diana** agus í breá sásta a trua agus a trócaire a dháileadh ar ainniseoirí eile ar mhionlaigh a mbunáite - daoine éagumasacha agus daoine in easláinte, homaighnéasaigh agus seandaoine. Gnáthdhaoine ab ea a bhformhór a fuair sólás ón mbean ghrámhar, chneasta, ghealgháireach seo a tháinig ar cuairt chucu agus a d'fhág rud fíorthábhachtach acu ina diaidh - sólás.

Tá tragóid ag baint leis an scéal deireanach, ar ndóigh - scéal "Dodi agus Di" - mar a thugtar air. Ba é an chéad uair é riamh a bhí **Di** ar nós cuma liom faoi thuairim an phobail. Deirtear go ndúirt sí gurbh í an tsaoire ab fhearr a bhí aici ariamh ná an tsaoire a chaith sí le **Dodi al-Fayed**. Ba léir go raibh sí go hiomlán i ngrá leis agus eisean léi. Bhí sí ní ba shona ná bhí sí riamh. Bhí sí le tús a chur lena "gnáthshaol". "Tá a fhios agam anois nach mbeidh aon bhean eile agam go deo" a dúirt **Dodi** fúithi. Nárbh fhíor dó...agus nár thubaisteach!

(As alt i *Foinse* le **Carrie Crowley**)

(i) *(a)* Cad a bhí beartaithe ag an scríbhneoir a dhéanamh an mhaidin Domhnaigh sin? (3 mharc)

*(b)* Cén fáth ar cheap sí go raibh Diana tar éis lámh a chur ina bás féin? (3 mharc)

(ii) *(a)* Luann an scríbhneoir sa *dara halt* "go raibh rud éigin amaideach" ag baint leis an bpósadh. Cad atá i gceist aici? (4 mharc)

*(b)* Cén deacracht, dar léi, a chruthódh sé seo don lánúin phósta? (4 mharc)

(iii) *(a)* Cén "uaillmhian" atá i gceist sa *tríú halt?* (3 mharc)

*(b)* Cén fáth a bhfuil ionadh ar an scríbhneoir Diana a bheith chomh haineolach sin faoin gcineál saoil a bheadh aici? (4 mharc)

(iv) *(a)* Cad atá i gceist sa *cheathrú halt* nuair a deirtear go ndearna Diana an "rud ceart"? (4 mharc)

*(b)* Cén fhianaise atá san *alt céanna* go raibh Diana "carthanach"? (4 mharc)

(v) Breac síos **dhá** phointe faoin tragóid atá i gceist san *alt deireanach.* (6 mharc)

## B – (35 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. [*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, oiread agus is féidir leat*].

# SEOID NA SÍOCHÁNA!

Is geall le seoid í an tsíocháin le tamall anuas a bhfuil an t-uafás daoine sa tóir uirthi ach go bhfuil ag teip ar a bhformhór í a shealbhú. An aon ionadh é, mar sin, agus seoid seo na síochána á santú chomh mór sin, go mbronntar duais speisialta gach aon bhliain - Duais **Nobel** na Síochána - orthu siúd a mbíonn dua thar an gcoitiantacht caite acu mar mhaithe leis an tseoid seo a bhronnadh ar a gcomhdhaonnaithe? Tamall roimh an Nollaig bronnadh Duais Síochána 1996 ar an Easpag **Belo** agus ar an Uasal **Ramos-Horta** mar gheall ar a saothar gan stríocadh ag iarraidh cearta daonna a bhaint amach do ghnáthmhuintir na hOir-Thíomóire. Is cuimhin linn go léir, ar ndóigh, na mná calma úd ó Bhéal Feirste, **Mairéad Corrigan** agus **Betty Williams**, ar bronnadh an Duais **Nobel** seo orthu i 1976 i ngeall ar a sáriarrachtaí ar son na síochána i dTuaisceart na hÉireann. Is cuimhin linn chomh maith an sár-Éireannach eile úd, **Seán McBride** , a shaothraigh go tréan ar son cearta daonna san Afraic agus ar bronnadh an Duais **Nobel** air dá bharr sin i 1974. Ní fhéadfaí dearmad a dhéanamh, ach an oiread, ar an **Máthair Treasa** ar bronnadh an Duais **Nobel** uirthi i 1979 agus a cailleadh anuraidh, beagnach seachtó bliain tar éis di an tír seo a fhágáil lena haghaidh a thabhairt ar thír na nIndiach.

In Osló na hIorua a bhí an searmanas nuair a fuair beirt na hOir-Thíomóire an duais. Agus an cuntas faoin searmanas sin á léamh ar an bpáipéar agam ní fhéadfainn gan an tIoruach breá úd -**Fritjof Nansen** - a thabhairt chun cuimhne ar bronnadh Duais **Nobel** na Síochána air sa bhliain 1922, agus a cailleadh in Osló i 1930 in aois a naoi mbliana agus trí scór dó. Ba i ngeall ar a shaothar éachtach ar son na dteifeach tar éis an Chéad Chogaidh Dhomhanda a bronnadh an onóir úd air.

Ba fhear spóirt thar a bheith cumasach é **Fritjof** ina óige. Ní raibh sé ach ocht mbliana déag d'aois nuair a chruthaigh sé curiarracht dhomhanda sa scátáil aon mhíle. Bhí spéis thar na bearta aige chomh maith i gcúrsaí fionnachtana, agus ní raibh ach seacht mbliana fichead slán aige nuair a thosaigh sé ar iarracht chun an Ghraonlainn a thrasnú ón gcósta thoir, ceantar nár leag Eorpach cos ann riamh roimhe sin. Fáiltíodh roimhe mar laoch náisiúnta nuair a d'fhill sé.

Ach i rith an ama seo ar fad bhí muintir na hIorua ag iarraidh neamhspleáchas a dtíre ón tSualainn a bhaint amach. Ghlac **Fritjof** anpháirt go deo san iarracht sin agus nuair a baineadh an neamhspleáchas sin amach i 1905 iarradh air a bheith ina Phríomh-Aire. Ach



● **Fritjof Nansen**

dhiúltaigh sé. B'fhearr go mór leis a bheith i measc na ngnáthdhaoine, ag cuidiú leo. D'fhéadfaí leabhair a scríobh faoina ndearna sé d'éachtaí ina dhiaidh sin ar mhaithe leis na gnáthdhaoine sin nuair a bhris an Chéad Chogadh Domhanda amach i 1914. B'fhuath leis cogaí agus gach ar lean iad, agus chaith sé an chuid eile dá shaol ag cuidiú leis na milliúin daoine i dtíortha éagsúla a bhí ag fulaingt de dheasca na gcogaí sin. Seoid na síochána - ní raibh uaidh ach í!

[as alt san *Irish Times*]

(i) *(a)* Cén tseoid atá i gceist sa *chéad alt*? (3 mharc)
*(b)* Cén bhaint atá ag an duais a luaitear leis an tseoid sin? (3 mharc)

(ii) Luaitear roinnt daoine san *alt céanna* a fuair an duais atá i gceist. Breac síos **dhá** phointe eolais faoi do rogha duine **amháin** díobh. (6 mharc)

(iii) Luaitear sa *dara halt* an té ar bronnadh an duais úd air i 1922. Cén tír arb as an duine sin? Cad a rinne sé a thuill an duais dó? (6 mharc)

(iv) "Fáiltíodh roimhe mar laoch náisiúnta nuair a d'fhill sé". Cad atá i gceist san abairt sin as an *tríú halt*? (8 marc)

(v) *(a)* Tairgeadh post mór do dhuine áirithe i 1905, de réir an *ceathrú halt*. Cén post é sin? Cén fáth nár ghlac sé leis? (4 mharc)
*(b)* Cén chaoi, dar leat, ar chaith an duine sin a shaol idir sin agus tráth a bháis i 1930? (5 mharc)